# PLANNING, LEGAL & PUBLIC NOTICES

## Planning and Development Acts 2000 to 2018
## Notice of Direct Planning Application to An Bord Pleanála in Respect of a Strategic Infrastructure Development
## County Galway

In accordance with Section 37E of the Planning and Development Act 2000 (as amended) Ardderroo Windfarm Ltd. gives notice of its intention to make an application to An Bord Pleanála in relation to the following proposed development in the townlands of Ardderroo, Letter, and Finnaun, County Galway. The site is located within a Gaeltacht Area.

The proposed development will constitute the provision of the following:

i. Construction of up to 25 No. wind turbines with a maximum overall blade tip height of up to 178.5m
ii. 1 no. permanent Meteorological Mast with a maximum height of up to 112 metres.
iii. 1no. 110kV electrical substation with 2 no. control buildings with welfare facilities, 6no. battery containers, all associated electrical plant and equipment, security fencing, all associated underground cabling, waste water holding tank and all ancillary works
iv. Underground cabling connecting the turbines to the proposed substation and connection from the proposed substation to the national grid at the existing Eirgrid substation in the townland of Letter
v. Upgrade of existing tracks, roads and provision of new site access roads and hardstand areas;
vi. 3 no. borrow pits.
vii. 2 no. temporary construction compounds.
viii. Recreation and amenity works, including marked trails, conversion of one temporary construction compound into a permanent amenity car park, provision of a toilet/shelter building and associated waste water holding tank, and associated recreation and amenity signage
ix. Site Drainage.
x. Forestry Felling.
xi. Permanent Signage.
xii. All associated site development works.

This application is seeking a ten year planning permission and 30 year operational life from the date of commissioning of the entire wind farm

An Environmental Impact Assessment Report (EIAR) and Natura Impact Statement (NIS) have been prepared in respect of the proposed development.

The planning application, EIAR and NIS may be inspected free of charge or purchased on payment of a specified fee (which fee shall not exceed the reasonable cost of making such a copy) during public opening hours for a period of seven weeks commencing on the 30 November 2018 at the following locations:

- The Offices of An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1.
- The Offices of Galway County Council, Aras An Chontae, Prospect Hill, Galway.

The application may also be viewed/downloaded on the following website: www.ardderroowindfarm.com.

Submissions or Observations may be made only to An Bord Pleanála ("the Board") 64 Marlborough Street, Dublin 1 during the above-mentioned period of seven weeks relating to:

I. The implications of the proposed development for proper planning and sustainable development, and
II. The likely effects on the environment of the proposed development, and
III. The likely significant effects of the proposed development on a European site, if carried out.

Any submissions/observations must be accompanied by a fee of €50 (except for certain prescribed bodies) and must be received by the Board not later than 5.30 p.m. on the 28 January 2019. Such submissions/observations must also include the following information:

- The name of the person making the submission or observation, the name of the person acting on his or her behalf, if any, and the address to which any correspondence relating the application should be sent,
- The subject matter of the submission or observation, and
- The reasons, consideration and arguments on which the submission or observation is based in full (Article 217 of the Planning and Development Regulations 2001, as amended, refers)

Any submissions or observations which do not comply with the above requirements cannot be considered by the Board.
The Board may at its absolute discretion hold an oral hearing on the application (refer to 'A Guide to Public Participation in Strategic Infrastructure Development' at www.pleanala.ie)
The Board may in respect of an application for permission/approval decide to –
(a) (i) grant the permission/approval, or
(ii) make such modifications to the proposed development as it specifies in its decision and grant permission/approval in respect of the proposed development as so modified, or
(iii) grant permission/approval in respect of part of the proposed development (with or without specified modifications of the foregoing kind),
and any of the above decisions may be subject to or without conditions, or
(b) Refuse permission to grant the permission/approval

Any enquiries relating to the application process should be directed to the Strategic Infrastructure Development Section of An Bord Pleanála (Tel. 01-8588100).

- A person may question the validity of any such decision of the Board by way of an application for judicial review, under order 84 of the Rule of the Superior Courts (S.I. No. 15 of 1986, as amended by S.I. No. 691 of 2011), in accordance with Section 50 of the Planning and Development Act, 2000 as amended.
- Practical Information on the review mechanism can be accessed on the Boards website (www.pleanala.ie) under the following heading:

Information on cases / Weekly lists – Judicial Review of Planning Decisions
This information is also available on the Citizens Information Service website www.citizensinformation.ie.

## Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2018
## Fógra ar Iarratas Pleanála Díreach chuig an mBord Pleanála maidir le Forbairt Bonneagair Straitéisigh
## i gContae na Gaillimhe

I gcomhréir le hAlt 37E den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) tugann Ardderroo Windfarm Ltd. fógra go bhfuil sé i gceist aige iarratas a dhéanamh leis an mBord Pleanála maidir leis an bhforbairt bheartaithe seo a leanas sna bailte fearainn seo a leanas i gCo. na Gaillimhe - Na hArd-doirlú, Leitir agus Fionnán. Tá an suíomh suite i gCeantar Gaeltachta.

Cuirfidh an fhorbairt atá beartaithe iad seo a leanas ar fáil:

i. Suas le 25 thuirbín gaoithe a bhfuil airde foriomlán suas le 178.5m ar a mhéad ag gob an láin
ii. 1 Chrann Meitéareolaíoch buan a bheidh 112 méadar ar airde ar a mhéad.
iii. 1 fho-stáisiún leictreach 110kV le 2 fhoirgneamh rialaithe ina mbeidh áiseanna leasa, 6 choimeádán cadhnraí, gach gléasra agus trealamh leictreach bainteach, fálú slándála, gach cáblú bainteach faoi thalamh, umar coimeádta fuíolluisce agus gach obair foghabhálach.
iv. Cablú faoi thalamh ag ceangal na dtuirbíní leis an bhfo-stáisiún beartaithe agus ceangal ón bhfo-stáisiún beartaithe leis an ngreille náisiúnta i bhfo-stáisiún Eirgrid atá ann cheana i mbaile fearainn Leitreach
v. Na cosáin agus na bóithre atá ann a uasghrádú agus bóithre rochtana nua agus áit pháirceála d'fheithiclí troma a sholáthar;
vi. 3 pholl carta
vii. 2 chlós tógála sealadaí
viii. Oibreacha áineasa agus conláiste, lena n-áirítear cosáin mharcáilte, carrchlós buan conláiste a dhéanamh de cheann de na clóis tógála shealadacha, leithreas/foirgneamh foscaidh agus an t-umar coimeádta fuíolluisce a théann leis a sholáthar, agus an chomharthaíocht bhainteach áineasa agus conláiste
ix. Draenáil don suíomh.
x. Leagan Foraoiseachta.
xi. Comharthaíocht Bhuan.
xii. Gach obair forbartha eile a bhaineann leis an suíomh.

Tá an t-iarratas seo ag lorg cead pleanála deich mbliana agus saolré oibriochta 30 bliain ó dháta coimisiúnaithe na feirme gaoithe ina iomláine

Ullmhaíodh Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS) i ndáil leis an bhforbairt atá beartaithe.

Is féidir an t-iarratas pleanála, EIAR agus an NIS a scrúdú saor in aisce nó iad a cheannach ar tháille shainithe a íoc (ní bheidh an táille sin níos daoire ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip den chineál sin a dhéanamh) le linn na n-uaireanta oscailte ar feadh tréimhse seacht seachtaine ag tosú ar an 30 Samhain 2018 sna háiteanna seo a leanas:

- Oifigí an Bhoird Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.
- Oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Is féidir féachaint ar an iarratas nó é a íoslódáil ón láithreán gréasán seo a leanas: www.ardderroowindfarm.com.

Ní féidir Aighneachtaí ná Breithniúcháin a dhéanamh ach leis an mBord Pleanála ("an Bord") 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 le linn na tréimhse seacht seachtainí a luaitear thuas i leith:

I. Na tionchair a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt inmharthana, agus
II. Na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an timpeallacht;
III. Na héifeachtaí móra is dócha a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar láithreán Eorpach, má théitear ina bun.

Ní mór táille €50 a bheith le gach aighneacht/breithniúchán (seachas i gcás roinnt comhlachtaí forordaithe) agus ní mór dóibh a bheith faighte ag an mBord tráth nach déanaí ná 5.30 p.m. an 28 Eanáir 2019. Ní mór don fhaisnéis seo a leanas a bheith sna haighneachtaí/breithniúcháin:

- Ainm an té atá ag déanamh na haighneachta nó an bhreithniúcháin, ainm an té atá ag gníomhú thar a cheann nó a ceann, más ann, agus an seoladh ar chóir aon chomhfhreagras a bhaineann leis an Iarratas a sheoladh,
- Ábhar na haighneachta nó an bhreithniúcháin, agus
- Na cúiseanna, breithnithe agus argóintí ar a bhfuil an aighneacht nó an breithniúchán bunaithe ina iomláine. (Féach ar Airteagal 217 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú)

Ní féidir leis an mBord aon aighneacht ná breithniúchán nach gcomhlíonann na ceanglais thuas a mheas.
Is féidir leis an mBord, dá rogha féin, éisteacht ó bhéal a thionóil ar an Iarratas (déan tagairt do 'Treoir maidir le Rannpháirtíocht an Phobail i bhForbairt Bonneagair Straitéisigh' ar www.pleanala.ie)
Is féidir leis an mBord i ndáil le hiarratas ar chead/faomhadh –
(a) (i) an cead/faomhadh a thabhairt, nó
(ii) leasuithe den chineál sin a dhéanamh ar an bhforbairt bheartaithe mar a shonraíonn sé ina chinneadh agus cead/faomhadh a thabhairt i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe arna leasú, nó
(iii) cead/faomhadh a thabhairt i ndáil le cuid den fhorbairt bheartaithe (ina mbeidh leasuithe shonraithe den sórt sin ag dul leis nó gan a bheith ag dul leis),
agus is féidir le haon cheann de na cinntí sin a bheith faoi réir coinníollacha nó gan a bheith faoi réir coinníollacha, nó
(b) Diúltú cead a thabhairt i leith an cheada/an fhaofa

Ba chóir aon cheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas Iarratais a chur ar aghaidh chuig Rannóg um Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh an Bhoird Pleanála (Teil: 01-8588100).

- Féadfaidh duine bailíocht aon chinneadh dá leithéid ón mBord Pleanála a cheistiú ar mhodh Iarratas ar athbhreithniú breithiúnach faoi ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna, (I.R. 15 de 1986, arna leasú ag I.R. Uimh. 691 de 2011) agus de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 arna leasú.
- Is féidir teacht ar fhaisnéis phraiticiúil ar an meicníocht athbhreithnithe ar láithreán gréasáin an Bhoird (www.pleanala.ie) faoin teideal seo a leanas:

Eolas ar chásanna / Liostaí seachtainiúla – Athbhreithniú Breithiúnach ar Chinntí Pleanála
Is féidir teacht ar an bhfaisnéis sin chomh maith ar láithreán gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie.

### Chomhairle Contae na Gaillimhe,

An Coilleach, An Spidéal, Co na Gaillimhe.
Cead pleanála dhá lorg ar son Siobhan Ni Flatharta chun Teach nua cónaithe dhá stór thógáil chomh maith Garáiste nua agus le Córás searachais nua ag an seoladh thuas. Is féidir an t-iarratas seo a scrúdú nó a cheannach ag oifig pleanála Chomhairle Contae na Gaillimhe, Áras an Chondae, Cnoc an Radharc, Co. na Gaillimhe, idir na hamanna 9 a chlog go dtína 4 a chlog, Luain go Aoine, agus géilleadh nó tuarim scríofa a thabhairt ar an iarratas atá u gceist don Chomhairla Contae ar íocaíocht de €20 taobh istigh de chúig seachtaine ón lá a sroicheann an t-iarratais an oifig pleanála.
Sinithí: Frank O Reilly Chartered Engineer Eng, C. Build Eng, Fellow FCABE, Registered Building Surveyor, CPHD ICIOB .Baile Eamonn, An Spideal, Co na Gaillimhe 087 6882547

### Galway County Council

I Joanne Huban wish to apply for Planning permission for the following 1. Retention permission for Domestic Garage to the rear of existing permitted dwelling house previously permitted under Pl. ref 05/1543 & 01/2901 2. Retention of Minor alterations to existing permitted dwelling house previously permitted under Pl. ref 05/1543 & 01/2901 and all associated services at Knockacullen, Kinvara, Co. Galway. The Planning Application may be inspected or purchased at the offices of the planning authority and a submission or observation in relation to the application may be made to the authority in writing on payment of the prescribed fee within the period of 5 weeks during office opening hours, 9.00am to 4.00pm, Monday to Friday beginning on the date of receipt by the authority of the application.

### Comhairle Contae na Gaillimhe

Tá iarratas á dhéanamh thar ceann, Peadar Ó Cionnaith agus Tríona Ní Thuathail le haghaidh céad iomlán chun teach cónaithe 285.83m² agus garáiste 19.25m² a thógail chomh maith le, Córas séarachais, Ait siothlaithe agus don obair agus seirbhisí eile atá bainteach leis an suíomh I Spidéal Lair, An Spidéal, Co. Na Gaillimhe. Is féidir an t-iarratas seo a scrúdú nó cóip a cheannach ag oifigí an Údaráis Phleanála, Comhairle Contae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh idir a 9.00rn & 4.00in, Luan go hAoine (Dé Céadaoin 10.00rn & 4.00in). Is féidir tuairim a nochtadh nó aighneacht a dhéanamh faoin iarratas, i scríbhinn chuig an tÚdarás pleanála taobh istigh de 5 seachtaine, ag tosú an lá a sroicheann an t-iarratas an tÚdaras Pleanála, ach táille €20 a íoc.
Sínithe: Murphy Heffernan ltd. Architects, Projects Consultants Barna, Co. Galway

### Galway County Council

Permission is sought on behalf of JRBOC Ltd for a change of house plan from the previously permitted 2 No. detached dwelling houses on Site numbers 27 & 28 to 4 no. terraced dwelling houses and to connect to the previously permitted sewage treatment plant and associated services in the townland of Killora This may be inspected or purchased at the Planning Office, Galway County Council, Prospect Hill, Galway between the hours of 9.00am to 4.00pm Monday to Friday. A submission or observation in relation to the application may be made in writing to the Planning Authority on payment of €20 within 5 weeks of receipt of the application.
Signed: Padraic Hession & Associates, Consulting Engineers, Unit 6 Galway Technology Park, Parkmore, Galway.

### Galway Co. Council,
Clonbern,Ballinasloe

Full planning permission sought to, 1) construct an extension to the existing agricultural shed which will have animal effluent storage facilities and a concrete apron. 2) Create a new roadway from the existing/proposed shed to the existing entrance/exit gate serving the agricultural land. 3)Full planning permission also sought to create a new concrete slab and all ancillary site works. Gross floor space of proposed works 175 sqm, This application is accompanied with a Natura Impact Statement (NIS). At the above location on behalf of Frank Finneghan This may be inspected or purchased at the Planning Office during its public opening hours. A submission or observation in relation to the application may be made in writing on payment of Euro 20 within 5 weeks of receipt of application.

### COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

Táimse, Barbara Nic Giolla Phádraig, ag iarradh Cead Pleanála ar Chomhairle Chontae Na Gaillimhe chun Teach Cónaithe, Córas Séarachais agus Garáiste a thógáil san Cartúr Leathan, Indreabhán, Co. Na Gaillimhe. Is féidir an tIarratas Pleanála a scrúdú, nó cóip de a cheannacht, ar costas réasúnta, ag an Oifig Pleanála, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, idir 9.00r.n. go 4.00i.n., ón Luain go hAoine. (De Céadaoin 10rn - 4in) Is féidir tuairim a nochtadh nó aighneacht a dhéanamh faoin iarratas, i scríbhinn chuig an tÚdarás Pleanála ach táille €20.00 a íoc taobh istigh de chúig seachtainí ón lá a chuireadh an t-iarratas isteach chuig an túdarás pleanála. D'fhéadfadh an tÚdarás Pleanála cead a cheadú de réir nó gan coinníollacha nó d'fhéadfadh cead a dhiúltú.